Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0396 (COD)**

**15200/23**
**ADD 1**

**TRANS 488**
**CODEC 2083**
**IA 294**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 702 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 92/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta um iompar idirmhódúil earraí agus<br>Rialachán (AE) 2020/1056 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 702 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2023) 702 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.11.2023
COM(2023) 702 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 92/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta um iompar idirmhódúil earraí agus Rialachán (AE) 2020/1056 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint**

{SEC(2023) 373 final} - {SWD(2023) 351 final} - {SWD(2023) 352 final}

## IARSCRÍBHINN

## Liosta táscach de bhearta tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3a

**Cuid I: Bearta tacaíochta chun bearna iomaíochais na n- oibríochtaí iompair traschórais i gcomparáid le hoibríochtaí iompair aonmhódúil ar bóthar a laghdú**

Bearta chun feabhas a chur ar iomaíochas na n- oibríochtaí iompair traschórais a chuireann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3a(2), pointe (a), is féidir iad a chur chun feidhme trí choigeartuithe agus trí dhreasachtaí rialála agus neamhrialála in ionstraimí riaracháin agus eacnamaíocha náisiúnta ag a bhfuil tionchar ar iomaíochas na n- oibríochtaí iompair traschórais. Ní mór é a bheith d'aidhm ag na coigeartuithe agus ag na dreasachtaí sin iompar níos tarraingtí a dhéanamh den iompar traschórais do na gnóthais a dhéanann cinneadh faoi na móid a roghnaítear, is é sin, seoltóirí nó gnóthais a eagraíonn na hoibríochtaí iompair traschórais.

Coigeartuithe agus dreasachtaí, is féidir bearta ag a bhfuil tionchar ar na nithe seo a leanas a áireamh orthu:

(a) eagrú oibríochtaí iompair traschórais agus codanna de, lena n- áirítear toilleadh bonneagair agus críochfoirt agus tosaíocht a shannadh don iompar idirmhódúil; bainistíocht fheabhsaithe ar shuaitheadh le linn oibreacha tógála bonneagair, lena n- áirítear comhar idir na Ballstáit maidir leis na hábhair sin; simpliú na nósanna imeachta riaracháin náisiúnta agus áitiúla, lena n- áirítear na nósanna imeachta sin is infheidhme i gcéim ullmhúcháin oibríochta agus le linn na hoibríochta chomh maith;

(b) iomaíochas costais na hoibríochta idirmhódúla, lena n- áirítear muirir bhóthair agus muirir, tobhaigh, cánacha nó táillí eile i ndáil le húsáid an iompair agus an bhonneagair idirmhódúil, agus muirir brú tráchta;

(c) muirir costas seachtrach, arna shainmhíniú in Airteagal 2 de Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] i gcás feithiclí saothair throm astaíochtaí nialasacha agus ísle, arna sainmhíniú in Airteagal 3(11) agus (12) de Rialachán 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] san iompar idirmhódúil,

(d) bearta chun iontráil sa mhargadh idirmhódúil a éascú le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide, amhail ligean ar cíos nó ligean ar léas na n- aonad luchtaithe idirmhódúla a éascú, lena n- áirítear trí ráthaíochtaí; úsáid na n- ardán pleanála idirmhódúla nó na n- ardán comhdhlúthaithe lasta a éascú, lena n- áirítear trí fheachtais oiliúna agus feasachta;

(e) coinníollacha pleanála agus léasaithe le haghaidh na talún atá oiriúnach d'fhorbairt críochfoirt trasloingsithe idirmhódúil.

---

1 Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirear a ghearradh ar fheithiclí as bonneagair bhóthair a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/62/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) Uimh. 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

**Cuid II: Bearta tacaíochta chun uasghrádú nó leibhéil ghlactha na dteicneolaíochtaí a mhéadú, ar teicneolaíochtaí iad a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht na n- oibríochtaí iompair idirmhódúil**

Bearta chun tacú le huasghrádú nó le leibhéil ghlactha na dteicneolaíochtaí a mhéadú, ar teicneolaíochtaí iad a chuireann feabhas ar éifeachtúlacht na n- oibríochtaí iompair idirmhódúil a leagtar amach in Airteagal 3a(2), pointe (b), is féidir iad a chur chun feidhme trí na nithe seo a leanas a éascú, nó trí thacaíocht dóibh mar shampla:

(a) na leathleantóirí a úsáidtear san iompar traschórais a shainaithint i gcomhréir leis an gcóras aitheantais a leagtar síos de bhun chaighdeáin idirnáisiúnta ISO6346 nó EN13044;

(b) na leantóirí nach bhfuil inaistrithe le craein a threisiú chun go mbeidh siad ina leantóirí atá inaistrithe le craein nó cúnamh chun leathleantóirí a fháil atá inaistrithe le craein;

(c) táillí clárúcháin feithiclí agus cánacha feithicle na leathleantóirí atá inaistrithe le craein agus ar mhéid chaighdeánach a tharscaoileadh;

(d) comhtháthú na gcóras nasctha agus uathoibriú na n- oibríochtaí san iompar traschórais, lóistíocht dhigiteach, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide gaolmhara agus córais iompair chliste is gá ar mhaithe le feidhmiú rianúil na n- oibríochtaí iompair idirmhódúil amhail tacaíocht d'infheistíochtaí i bhfótaigheataí agus i mbothanna uathoibríocha teachta/imeachta ag críochfoirt trasloingsithe idirmhódúla;

(e) bearta chun tabhairt isteach bhille iompair idirmhódúil ar a gcríoch a éascú;

(f) na feithiclí nó soithí nó trealamh trasloingsithe astaíochtaí ísle agus nialasacha san iompar traschórais;

(g) gabhálais le haghaidh na teicneolaíochta atá ann cheana chun coimeádáin a thrasloingsiú chun go mbeifear in ann leathleantóirí a thrasloingsiú amhail géaga tógála craenacha droichid chun leathleantóirí a thrasloingsiú go hingearach.'